Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2024
(OR. en)

10363/24

LIMITE

JUSTCIV 99
ECOFIN 607
COMPET 596
JAI 886
CODEC 1354

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0408(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15896/22 INIT + ADD 1 - 4 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 7 Nollaig 2022, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú[1].

2. Tá an togra le haghaidh Treorach ar cheann de na tionscnaimh atá beartaithe i bplean gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil 2020. Is é is aidhm di infheistíocht trasteorann laistigh den mhargadh aonair a spreagadh trí chomhchuibhiú spriocdhírithe a dhéanamh ar imeachtaí dócmhainneachta.

3. Tá an Treoir atá beartaithe faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

[1] 15896/22.

4. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) an coiste atá freagrach as an togra, agus is é an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) an coiste ar iarradh tuairim air. Is é Pascal Arimont an rapóirtéir don chomhad.

5. Ghlac an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim maidir leis an Treoir atá beartaithe an 6 Feabhra 2023[2].

6. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an Treoir atá beartaithe an 24 Márta 2023[3].

7. Sa Chomhairle, tá an scrúdú ar an togra á dhéanamh ag an Meitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Dócmhainneacht) (dá ngairtear: 'an Mheitheal um Dhócmhainneacht' feasta). Léiríodh sa phlé a rinneadh laistigh den Mheitheal um Dhócmhainneacht gur díol sásaimh i gcoitinne na cuspóirí is bonn leis an togra.

8. Eagraíodh díospóireacht bheartais ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 20 Deireadh Fómhair 2023, inar athdhearbhaigh na hairí go dtacaíonn siad leis na cuspóirí a shaothraítear leis an Treoir agus, ag an am céanna, tharraing siad anuas roinnt príomh-shaincheisteanna i ndáil leis na bearta atá beartaithe maidir le gníomhaíochtaí seachanta (Teideal II). Go ginearálta, d'iarr na hairí go mbeadh níos mó solúbthachta ann maidir le comhchuibhiú na bhforálacha sin.

9. Mar a leagtar amach sa Ráiteas ón gCruinniú Mullaigh Euro an 22 Márta 2024, tá rún daingean ag na cinn stáit nó rialtais dlús a chur le doimhniú Aontas na Margaí Caipitil, agus aird á tabhairt ar an Ráiteas ón nGrúpa Euro an 11 Márta 2024 inar iarradh go dtabharfaí isteach raon leathan beart chun fíormhargadh aonair do chaipiteal san Aontas a bhaint amach. D'iarr an Cruinniú Mullaigh Euro go n-áiritheofaí go dtabharfaí 'chun críche go pras an obair reachtach atá fós le déanamh maidir le plean gníomhaíochta 2020 maidir le hAontas na Margaí Caipitil'.

---

2 6147/23.
3 7856/23.



PUBLIC

10. Ina theannta sin iarradh sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 agus 18 Aibreán 2024 go ndéanfaí dul chun cinn san obair sa Chomhairle agus sa Choimisiún gan mhoill maidir leis na bearta riachtanacha uile a sainaithníodh chun margaí caipitil Eorpacha atá fíor-chomhtháite a chruthú, ar margaí iad a mbeidh rochtain ag na saoránaigh agus na gnólachtaí uile san Aontas orthu, chun tairbhe na mBallstát uile. Ceann de na bearta a sainaithníodh is ea gnéithe ábhartha de chreataí dócmhainneachta corparáideacha náisiúnta a chomhchuibhiú.

## II. STAID NA HIMEARTHA I DTACA LEIS AN OBAIR I GCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

11. Aithníodh fadó ó shin éagsúlacht na gcóras dócmhainneachta mar shaincheist a chuireann bac ar shaorghluaiseacht caipitil laistigh den Aontas agus ar chomhtháthú níos fearr a mhargaí caipitil. Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra gnéithe áirithe de dhlíthe dócmhainneachta na mBallstát a chomhchuibhiú, agus ar an gcaoi sin infheistíocht trasteorann a éascú.

12. I measc gnéithe eile, leagtar síos leis an Treoir atá beartaithe rialacha comhchoiteanna maidir le neamhbhailíochtú idirbheart a rinne an féichiúnaí sular tionscnaíodh imeachtaí dócmhainneachta (gníomhaíochtaí seachanta); rianú sócmhainní a bhaineann leis an eastát dócmhainneachta; díol an ghnó a ullmhú ina iomláine nó i bpáirt sula dtionscnófar imeachtaí dócmhainneachta go foirmiúil (imeachtaí réamhphaca); dualgas na stiúrthóirí iarraidh a chur isteach maidir le himeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh; imeachtaí foirceanta simplithe le haghaidh micrifhiontar; coistí creidiúnaithe agus bearta lena bhfeabhsaítear trédhearcacht an dlí náisiúnta. Go bunúsach, féachtar leis an togra é a dhéanamh níos éasca sócmhainní a aisghabháil ó eastát dócmhainneachta leachtaithe, imeachtaí dócmhainneachta a dhéanamh níos éifeachtúla, agus dáileadh intuartha agus cothrom an luacha aisghafa i measc creidiúnaithe a áirithiú.



PUBLIC

**(a) Bailchríoch a chur ar an gcéad scrúdú ar an Treoir atá beartaithe**

13. Cé gur díol sásaimh do na toscaireachtaí na cuspóirí is bonn leis an togra, chuir siad i bhfios go láidir a chasta atá an Treoir atá beartaithe mar gheall ar na naisc atá aici le réimsí eile den dlí náisiúnta agus rinne siad trácht ar a mhionsonraithe atá an Treoir. I bhfianaise a chasta atá an Togra agus a faid, cuireadh tús leis an gcéad scrúdú ar an togra an 7 Márta 2023 agus rinneadh é i gcaitheamh 12 chruinniú as a chéile den Mheitheal le linn Uachtaránacht na Sualainne, Uachtaránacht na Spáinne agus Uachtaránacht na Beilge.

14. Chuir Uachtaránacht na Beilge bailchríoch ar an gcéad scrúdú i gcruinnithe na Meithle an 31 Eanáir, an 6 Márta agus an 2 Aibreán 2024 le hanailís caibidil ar chaibidil ar Theideal VI ('Micrifhiontair dhócmhainneachta a fhoirceannadh').

15. Le Teideal VI ('Micrifhiontair dhócmhainneachta a fhoirceannadh') tugtar isteach rialacha maidir le nós imeachta foirceanta cuíchóirithe atá saincheaptha do mhicrifhiontair. Go bunúsach, is é is aidhm don togra nós imeachta simplithe agus costéifeachtach a bhunú.

16. Thug an Uachtaránacht dá haire nach bhfuil na Ballstáit ar aon intinn maidir leis an Teideal seo. Tá agóid déanta ag formhór na mBallstát i gcoinne córas speisialta de chuid an Aontais a bhunú do mhicrifhiontair dhócmhainneacha. Ceann de na príomhfhorchoimeádais is ea go n-imeofaí, dá gcruthófaí córas speisialta mar sin, ó phríomhchuspóir an togra, is é sin gnéithe tábhachtacha de dhlíthe dócmhainneachta náisiúnta a chomhchuibhiú, agus nach rannchuidíonn sí ach go teoranta le hAontas na Margaí Caipitil. Chuir na Ballstáit in iúl go raibh imní orthu faoin sainmhíniú ar mhicrifhiontar, faoi chleachtóir dócmhainneachta a cheapadh, faoi ról na cúirte agus faoin tionchar ar na córais náisiúnta dócmhainneachta atá ann cheana.

17. Chuir roinnt Ballstát in iúl go dtacaíonn siad leis an gcóras speisialta, ach le coigeartuithe tábhachtacha. Mheas na Ballstáit sin go rannchuideodh an córas speisialta sin le hAontas na Margaí Caipitil toisc go gcumasódh sé foirceannadh ordúil ar chostas níos ísle.

PUBLIC

**(b) Scrúdú ar thograí comhréitigh maidir le téacs na Treorach**

18. Tar éis bailchríoch a chur ar an gcéad scrúdú ar an Treoir atá beartaithe, chuir an Uachtaránacht tús le cur i láthair an chéad téacs comhréitigh maidir le Teideal I ('Forálacha ginearálta') agus Teideal II ('Gníomhaíochtaí seachanta') ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal an 2 Aibreán.

19. Maidir le Teideal I ('Forálacha ginearálta'), tá na hathruithe atá beartaithe sa téacs comhréitigh teoranta ós rud é go mbeidh gá leis na forálacha ginearálta sin a oiriúnú do na hathruithe a dhéanfar de réir a chéile sa chuid eile den togra. Mar sin féin, is é is aidhm don téacs comhréitigh an gaol idir teidil éagsúla na Treorach agus na córais náisiúnta dócmhainneachta atá ann cheana a shoiléiriú.

20. Is é is aidhm do Theideal II ('Gníomhaíochtaí seachanta') an t-eastát dócmhainneachta a chosaint ar bhaint neamhdhlisteanach sócmhainní a rinneadh sular tionscnaíodh imeachtaí dócmhainneachta agus na sócmhainní sin a thabhairt ar ais san eastát dócmhainneachta chun tairbhe na gcreidiúnaithe. Ar an leibhéal teicniúil agus le linn na díospóireachta beartais thuasluaite ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 20 Deireadh Fómhair 2023, chuir na Ballstáit a n-imní i gcoitinne in iúl maidir leis an leibhéal teoranta solúbthachta atá fágtha ag na Ballstáit sna forálacha sin. Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin, rinneadh coigeartú sa téacs comhréitigh a mhol an Uachtaránacht ar na coincheapa a úsáidtear le haghaidh gníomhartha dlí a tugadh i gcrích chun dochair do na creidiúnaithe i gcoitinne ionas go gcumhdófaí gach cás de ghníomhaíochtaí seachanta náisiúnta. Thug sé an deis freisin do na Ballstáit cosaint níos fearr a thabhairt ina ndlíthe náisiúnta do na creidiúnaithe i gcoitinne i ndáil leis na coinníollacha a bhaineann le gníomhaíochtaí seachanta agus a n-iarmhairtí. Ar deireadh, chuir an Uachtaránacht tús le próiseas machnaimh ar na tréimhsí ama éagsúla iomchuí le haghaidh gníomhaíochtaí seachanta chun aidhm chomhchuibhithe íosta an togra a léiriú ar bhealach níos fearr.

21. Chuir an Uachtaránacht tús le cur i láthair téacs comhréitigh maidir leis an gcéad dá theideal eile, Teideal III ('Sócmhainní a bhaineann leis an eastát dócmhainneachta a rianú') agus Teideal IV ('Imeachtaí réamhphaca') ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal an 7 Bealtaine 2024 agus lean sí den chur i láthair ag cruinnithe na Meithle an 30 agus an 31 Bealtaine 2024.

PUBLIC

22. Le Teideal III ('Sócmhainní a bhaineann leis an eastát dócmhainneachta a rianú') ceanglaítear ar na Ballstáit cúirteanna a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht acu, arna iarraidh sin do chleachtóir dócmhainneachta, an chlárlann láraithe náisiúnta cuntas bainc a rochtain agus a chuardach ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir le sócmhainní ar leis an eastát dócmhainneachta iad nó ar cheart go mba leis an eastát dócmhainneachta iad. Ba iad na príomhábhair imní a chuir na Ballstáit in iúl go gcuirfeadh na forálacha sin ró-ualach ar chúirteanna a bhfuil feidhmeanna riaracháin acu, gur cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin maidir le húdaráis riaracháin freisin agus go raibh an teideal iomlán ró-shaintreorach. Dá bhrí sin, leis an téacs comhréitigh, tugadh an tsolúbthacht do na Ballstáit cúirteanna agus údaráis riaracháin a bhfuil dlínse acu in imeachtaí dóchmhainneachta a ainmniú chun na clárlanna náisiúnta cuntas bainc a rochtain agus a chuardach. Rinneadh na forálacha níos ginearálta, gan bearta maorlathacha nach bhfuil gá leo, ach tugadh urraim do chineál agus do chosaint na sonraí a bheadh le cuardach. Ar deireadh, rinneadh an téacs a ailíniú le téacs an phacáiste athchóirithe nua um sciúradh airgid a chomhrac[4].

23. Le Teideal IV den Treoir atá beartaithe ('imeachtaí réamhphaca') tugtar isteach rialacha lena bhforáiltear do nós imeachta níos éifeachtaí lena rialaítear aisghabháil luacha do chreidiúnaithe. Tacaíonn formhór na mBallstát go ginearálta le cuspóir Theideal IV agus aontaíonn siad gur féidir leis rannchuidiú le hAontas na Margaí Caipitil. Mar sin féin, cuireadh imní in iúl go háirithe maidir leis na forálacha atá beartaithe a bheith ann in éineacht leis na córais náisiúnta dócmhainneachta atá acu cheana, maidir leis an leibhéal cosanta do na creidiúnaithe agus maidir leis an gcaidreamh le saoirse conartha. Sa téacs comhréitigh, shoiléirigh an Uachtaránacht an idirghníomhaíocht idir an dá chéim de na himeachtaí réamhphaca – céim an ullmhúcháin agus céim an leachtaithe – leis na gnáthimeachtaí dócmhainneachta, chomh maith leis na cuspóirí éagsúla atá taobh thiar den dá chéim. Leis an téacs comhréitigh freisin tugtar níos mó soiléireachta agus comhleanúnachas níos mó le hionstraimí ábhartha eile de chuid an Aontais. Ar deireadh, rinne an Uachtaránacht iarracht an tsolúbthacht a thabhairt do na Ballstáit chun an córas náisiúnta atá acu cheana a úsáid chun nósanna imeachta réamhphaca a chur chun feidhme.

24. D'eisigh an Uachtaránacht téacs comhréitigh freisin maidir le Teidil V ('Dualgas na stiúrthóirí a iarraidh go dtionscnófar imeachtaí dócmhainneachta agus dliteanas sibhialta') agus VII ('Coiste na gCreidiúnaithe') a thíolacfar ag an dá chruinniú dheireanacha a bheidh ag an Meitheal i mí an Mheithimh.

---

4 P8_TA(2024)0364 agus P9_TA(2024)0301.

25. Moltar i dTeideal V ('Dualgas stiúrthóirí a iarraidh go dtionscnófar imeachtaí dócmhainneachta agus dliteanas sibhialta') oibleagáid a fhorchur ar stiúrthóirí iarraidh a chur faoi bhráid na gcúirteanna maidir le himeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dóibh teacht ar an eolas nó gur féidir a bheith ag súil leis go réasúnach go mbeidís ar an eolas go bhfuil an chuideachta dócmhainneach. Is é an aidhm atá ann an luach aisghabhála a uasmhéadú do chreidiúnaithe. Bhí imní ar roinnt Ballstát go bhféadfadh an dualgas sin dochar a dhéanamh d'iomaíochas agus d'fhiontraíocht an Aontais. Sa téacs comhréitigh, thug an Uachtaránacht aghaidh ar iarrataí ó roinnt toscaireachtaí ar théacs níos solúbtha, ina míneofaí na cásanna ina bhfuil feidhm ag an oibleagáid agus conas í a chomhlíonadh. Tugadh isteach leis freisin soiléirithe maidir le dliteanas stiúrthóirí as sáruithe ar a ndualgas.

PUBLIC

26. Is é is aidhm do Theideal VII ('Coiste na gCreidiúnaithe') seasamh na gcreidiúnaithe sna himeachtaí dócmhainneachta a neartú trí rialacha a sholáthar maidir le ceapadh chomhaltaí an choiste agus a chomhdhéanamh, a mhodhanna oibre agus a fheidhmeanna, chomh maith le dliteanas pearsanta a chomhaltaí. D'iarr roinnt Ballstát go háirithe cloí le cur chuige comhchuibhithe íosta agus níos mó solúbthachta a thabhairt isteach. Thug an Uachtaránacht freagra trí níos mó solúbthachta a thabhairt maidir le comhaltaí an choiste a cheapadh agus maidir le modhanna oibre an choiste, agus cearta agus dualgais na gcomhaltaí á soiléiriú ag an am céanna.

**(c) Plé in Coreper maidir leis an Treoir atá beartaithe**

27. An 10 Aibreán 2024, bhí plé ag Coreper maidir leis na chéad chéimeanna eile a bhaineann le hAontas na Margaí Caipitil. Liostaíodh an Treoir atá beartaithe maidir le dócmhainneacht i measc na dtograí reachtacha atá fós gan réiteach agus atá tábhachtach d'Aontas na Margaí Caipitil. Phléigh na hambasadóirí na príomhuirlisí chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le hAontas na Margaí Caipitil, chomh maith le bacainní ar dhul chun cinn, agus d'iarr siad ar na meithleacha ábhartha a oiread dul chun cinn agus is féidir a dhéanamh faoi dheireadh na hUachtaránachta.

28. Mar fhreagairt ar na hiarrataí ardleibhéil go gcuirfí dlús leis an obair ar an Treoir atá beartaithe, d'eagraigh Uachtaránacht na Beilge díospóireacht bheartais in Coreper an 22 Bealtaine 2024 chun teacht ar réitigh chun an dul chun cinn ar an leibhéal teicniúil a ailíniú leis an leibhéal uaillmhéine a sainaithníodh ar an leibhéal polaitiúil is airde. Iarradh ar na hambasadóirí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na gnéithe den togra a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo mar rannchuidiú le hAontas na Margaí Caipitil. Iarradh ar na hambasadóirí freisin cad iad na prionsabail ba cheart a bheith mar threoir don obair a dhéanfar amach anseo agus cad iad na hábhair imní a bhí acu, d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta sa Chomhairle gan mhoill, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 agus an 18 Aibreán 2024.

29. Maidir leis na modhanna oibre a úsáidfear amach anseo, léiríodh sa díospóireacht gur díol sásaimh do na Ballstáit an méadú atá tagtha ar líon na gcruinnithe den mheitheal agus an dlús atá curtha le luas na hoibre, rud a léiríonn an tábhacht pholaitiúil a ghabhann leis an Treoir atá beartaithe. Chuir siad béim freisin ar a thábhachtaí atá sé nach mbainfí de cháilíocht an téacs. Ba cheart anailís agus plé domhain a dhéanamh ar an Treoir atá beartaithe ionas go bhfreagróidh toradh na caibidlíochta ar riachtanais Aontas na Margaí Caipitil.

30. Ó thaobh substainte de, leag na hambasadóirí béim i gcoitinne ar Theideal II i ndáil le gníomhaíochtaí seachanta agus Teideal III maidir le rianú sócmhainní mar phríomhghnéithe den togra a rannchuidíonn le hAontas na Margaí Caipitil agus ar féidir teacht ar chomhréitigh ina leith go héasca. Ar an taobh eile de chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh imní orthu faoi Theideal IV maidir le himeachtaí réamhphaca, go háirithe maidir lena mhionsonraithe atá na forálacha ann agus ar neamhspleáchas na gcreidiúnaithe a chosaint agus an caidreamh le saoirse conartha. Tharraing roinnt mhaith Ballstát aird ar Theideal VI maidir leis an gcóras speisialta do mhicrifhiontair mar phríomhábhar imní a bhféadfadh deacrachtaí teacht as ó thaobh teacht ar chomhaontú gan mhoill maidir leis an Treoir.

PUBLIC

## III. CONCLÚIDÍ

31. Tá Uachtaránacht na Beilge tiomanta go leanfar den phlé sa Mheitheal agus é a éascú, in éineacht le hUachtaránacht inteachta na hUngáire, agus dul chun cinn rianúil a áirithiú i dtreo cur chuige ginearálta.

32. I bhfianaise an méid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an tuarascáil reatha ar dhul chun cinn a thabhairt dá n-aire.

---

PUBLIC